Trí níos mó ná aon tacar amháin ceisteanna a ofráil do pháistí, cinntítear nach féidir le meancóg mhíchúramach amháin an t-imprisean contráilte a thabhairt ar a gcumas.

Cén t-eolas eile a thabharfar dom faoi mheasúnuithe InCAS mo pháiste?

Tabharfaidh an múinteoir duit aois InCAS do pháiste sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic Ghinearálta don bhliain seo i scríbhinn.

I dtaca le torthaí InCAS sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic Ghinearálta de, níl sé i gceist go n-úsáidfí iad le páistí a chur i gcomparáid lena chéile ach chun iad agus múinteoir do pháiste a spreagadh le bheith ag obair i gcomhpháirt le tacú chomh héifeachtach agus is féidir leis an fhoghlaim acu.

Chomh maith leis na réimsí atá á measúnú ag InCAS, caithfear a thabhairt chun cuimhne go gcuireann scileanna eile, taithí agus dearcadh do pháiste, fiú, lena f(h)eidhmíocht iomlán sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú agat iad seo a phlé le múinteoir do pháiste chomh maith.

Beidh deis agat torthaí InCAS do pháiste agus gnéithe eile dá d(h)ul chun cinn a phlé leis an mhúinteoir ar chruinniú tuismitheoirí a bheidh ann le linn théarma an Fhómhair.

Níl baint ar bith ag measúnuithe InCAS le haistriú daltaí ó bhunscoil go hiar-bhunscoil.

An Dóigh le Tuilleadh Eolais a Fháil

Le tuilleadh eolais a fháil faoi InCAS téigh chuig www.nicurriculum.org.uk le do thoil, agus breathnaigh an leathanach eolais InCAS do thuismitheoirí nó téigh ar www.incasproject.org le foghlaim faoin dóigh a ndearnadh na bogearraí a fhorbairt.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 ✆ +44 (0)28 9026 1234 ✆ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Northern Ireland Curriculum

Treoir do Thuismitheoirí ar InCAS - 2011

Do Pháiste á Mheasúnú le InCAS i mBliain 4

De réir mar a fhorbraíonn agus a théann do pháiste tríd an bhunscoil, déanann múinteoirí monatóireacht leanúnach ar na láidreachtaí, ar an dul chun cinn agus ar na réimsí atá le feabhsú lena chinntiú go bhfuil an fhoghlaim acu chomh héifeachtach agus is féidir. Ar na dóigheanna ar féidir an mhonatóireacht seo a dhéanamh, tá breathnóireacht an mhúinteora, ag marcáil obair ranga agus obair bhaile chomh maith le héagsúlacht leathan de mheasúnuithe ar leith.

Táthar ag dúil leis go ndéanfaidh daltaí fud fad Thuaisceart Éireann agus atá i mBliain 4 measúnuithe InCAS sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic Ghinearálta i mbliana. Ciallaíonn InCAS Córas Measúnachta Ríomhairithe Idirghníomhach a dhear an Lárionad um Measúnú agus Monatóireacht (CEM) ag Ollscoil Durham.

Déantar measúnuithe InCAS le linn théarma an fhómhair (Meán Fómhair go Mí na Nollag). Dírítear ar an Léitheoireacht agus Matamaitic Ghinearálta ar an ábhar go bhfuil sé tábhachtach go rachaidh do pháiste chun cinn sna réimsí seo go ginearálta.

Cén dóigh a n-oibríonn InCAS?

Faoi mar a léiríonn an t-ainm, déanann daltaí InCAS ar an ríomhaire. Beidh cluasáin acu agus iad ag éisteacht le ceisteanna agus ag léamh ceisteanna.

Ní mhairfidh na measúnuithe níos faide ná 30 nóiméad an ceann agus déanfar iad le linn gnáth-am ranga sa dóigh nach gcuirfidh siad isteach ar fhoghlaim laethúil do pháiste.

Ní teisteanna foirmiúla iad measúnuithe InCAS agus níl mar aidhm acu daltaí a chur i gcomparáid lena chéile. Is cur chuige measúnaithe difriúil é seo agus caitheann sé le gach páiste mar dhuine aonair trí dheacracht gach ceiste a roghnú dóibh bunaithe ar na freagraí atá tugtha acu.

Déanfaidh formhór na ndaltaí na measúnuithe InCAS seo ach beidh díolúine ag páistí a bhfuil deacrachtaí troma foghlama acu.

Is féidir le daltaí i nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta na measúnuithe a dhéanamh i nGaeilge.

Cad é go díreach a bhíonn á mheasúnú ag InCAS?

Fiosraíonn **Léitheoireacht InCAS** cumas do pháiste focail a aithint, iad a bhriseadh síos ina bhfuaimeanna agus na focail chuí a roghnú le sliocht a chomhlánú.

Cuirfidh **Matamaitic Ghinearálta InCAS** ceisteanna ó roinnt topaicí lena n-áirítear obair le huimhreacha, cruth, graif agus cairteacha a thomhas agus a léamh.

Faoi mar a tharlaíonn i ngach measúnú 'aonuaire', díríonn InCAS ar fheidhmíocht do pháiste ar lá ar leith.

Tuilleadh eolais, le do thoil

Sula dtugann siad faoi mheasúnuithe InCAS tabharfaidh an múinteoir treoracha do na páistí agus beidh roinnt ceisteanna samplacha taobh istigh den ríomhchlár. Chomh maith leis seo, tá carachtar beochana darb ainm Incaí ar fáil lena mhíniú dóibh cad é atá le déanamh. Má shíleann tú go mbeadh sé ina chuidiú é seo a bhreathnú duit féin is féidir leat é sin a dhéanamh ach dul ar www.nicurriculum.org.uk

Anseo thíos gheobhaidh tú léargas ar an dóigh a n-oibríonn InCAS ach breathnú ar an dóigh a ndéanfadh sé measúnú ar an Mhatamaitic Ghinearálta do chailín darb ainm Máire atá 7 mbliana 3 mhí d'aois agus í ag dul don mheasúnú.

Le go mbeidh seans maith ag Máire an chéad cheist a fhreagairt mar is ceart, roghnaíonn InCAS ceist atá níos óige ná an aois iarbhír aici.

Is féidir a fheiceáil go n-éiríonn an chéad tacar ceisteanna (faoi dhath glas) níos deacra de réir a chéile go dtí go bhfuil an ceann deireanach fóirsteanach do pháiste atá 10 mbliana d'aois. Ag an phointe seo, cuireann líon na bhfreagraí contráilte atá ag Máire in iúl go bhfuil sí i ndiaidh dul thar a leibhéal cumais.

Athdhéanann InCAS an próiseas seo roinnt uaireanta eile (dath gorm, dath buí agus dath bándearg) go dtí go sainaithníonn sé gurb é 7 mbliana agus 9 mí aois InCAS aici sa Mhatamaitic Ghinearálta i gcomparáid leis an aois iarbhír aici.